

# An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais: Faisnéis agus Foirm Iarratais

Bain úsáid as an bhfoirm seo le hiarratas a dhéanamh ar an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais. Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig ceann d'Oifigí Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, dream ar féidir leo cabhrú leat d'iarratas a chomhlánú freisin. Tá sonraí teagmhála na nOifigí Tacaíochta do Thithe Altranais le fáil ar leathanach cúil na foirme seo. Sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo, is féidir leat eolas níos mionsonraithe a fháil maidir leis an scéim seo i Leabhrán Eolais na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais.

## ■ Céard í an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais?

Leis an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil faoi chomhair costas cúraim fhadtéarmaigh i dteach altranais. Faoin scéim, déantar measúnú ar ioncam agus sócmhainní na ndaoine a bhfuil cúram i dteach altranais ag teastáil uathu, agus déanann siad ranníocaíocht ansin faoi chomhair chostas a gcúram bunaithe ar an measúnú. Íocann FSS an chuid eile de chostais a gcúram, más ann, i dtithe altranais ainmnithe, idir phoiblí agus phríobháideach, atá ceadaithe faoin scéim. Is faoin duine féin atá sé cúram a roghnú in aon cheann de na tithe altranais atá san áireamh sa scéim ar choinníoll gur féidir leis an teach altranais sin freastal ar na riachtanais ar leith atá ag an duine sin agus go bhfuil áit ar fáil dó nó di. Ós rud é go socraítear buiséad na scéime seo gach bliain, d'fhéadfadh sé go mbeadh liosta feithimh ann le haghaidh tacaíocht airgeadais in amanna.

## ■ Cé dó a gceadaítear cur isteach ar an scéim?

Ceadaítear do dhuine ar bith a bhféadfadh cúram fadtéarmach i dteach altranais a bheith ag teastáil uaidh nó uaihi cur isteach uirthi. Ní mór duit a bheith i do ghnáthchónaí sa Stát, rud a chiallaíonn go bhfuil tú i do chónaí anseo le bliain ar a laghad nó go bhfuil sé i gceist agat a bheith i do chónaí anseo go ceann bliana ar a laghad.

## ■ Cén chaoi a n-oibríonn an próiseas déanta iarratais?

Tá an próiseas déanta iarratais roinnte ina dhá chuid: Measúnú ar Riachtanais Chúraim agus Measúnú Airgeadais. Is iad baill foirme cúraim sláinte a dhéanann an Measúnú ar Riachtanais Chúraim, m.sh Dochtúirí, Altraí, Oibríthe Sóisialta, agus breathnaítear ar do riachtanais cúraim sláinte i gcomhthéacs na dtacaíochtaí teaghlaigh agus sóisialta a bhfuil fáil agat orthu. Léireoidh an toradh cibé acu atá cúram fadtéarmach i dteach altranais ag teastáil uait nó nach bhfuil.

Má thugann an Measúnú ar Riachtanais Chúraim le fios go bhfuil cúram fadtéarmach i dteach altranais ag teastáil uait, is é an Measúnú Airgeadais a oibreoidh amach an méid a íocfaidh tusa faoi chomhair chostas do chúraim agus an méid a íocfaidh FSS. Braithfidh an méid a íocfaidh tú as do chúram ar d'ioncam agus ar luach do chuid sócmhainní, lena n-áirítear sócmhainní a aistríodh sna 5 bliana roimh do chéad iarratas. Dá laghad ioncam/sócmhainní atá ag duine is ea is lú a íocfaidh sé nó sí agus, ar ndóigh, dá mhéad ioncam/sócmhainní atá ag duine is ea is mó a íocfaidh sé nó sí. Ní íocfaidh duine ar bith níos mó ná costas a chúraim.

## ■ Cén tacaíocht airgeadais a chuireann FSS ar fáil?

Cuirtear dhá chineál tacaíochta airgeadais ar fáil faoin scéim seo: Tacaíocht Stáit agus Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit).

**Tacaíocht Stáit:** Déanfar d'ioncam agus do chuid sócmhainní a mheas agus, dá réir sin, oibreofar amach do ranníocaíocht sheachtainiúil. Íocfaidh FSS an chuid eile de chostas seachtainiúil do chúraim, rud a dtugtar Tacaíocht Stáit air.

**Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit):** Gné roghnach bhreise den Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais í seo atá dírithe ar na daoine siúd a bhfuil sócmhainní réadmhaoine/talamhbhunaithe acu sa Stát. In ionad d'airgead féin a úsáid leis an ranníocaíocht iomlán sheachtainiúil a íoc, is féidir leat cur isteach ar Iasacht Tí Altranais leis an gcuid de do ranníocaíocht atá bunaithe ar shócmhainní réadmhaoine/talamhbhunaithe laistigh den Stát a chlúdach. Íocfaidh FSS an chuid sin de do chostas cúraim ansin freisin, de bhreis ar d'íocaíocht Tacaíochta Stáit.

Íocfar an Iasacht ar ais leis an Stát tar éis an tsócmhainn nó cuid di a dhíol nó tar éis do bháis, cibé acu is tuisce a tharlóidh. Is leis na Coimisinéirí Ioncaim a íocfar an Iasacht ar ais. I gcásanna áirithe, féadtar aisíoc na hiasachta a chur siar, agus tá tuilleadh eolais faoi sin sa Leabhrán Eolais. Tá an chuid seo den scéim ceaptha le nach mbeadh ar dhuine a theach a dhíol le linn a shaoil le hóc as cúram i dteach altranais.

## ■ An mbeidh mé ag déanamh na ranníocaíochta céanna chomh fada agus a bheidh mé sa teach altranais?

Má cheadaítear tacaíocht airgeadais duit faoin scéim, ní thiocfaidh aon athrú ar do ranníocaíocht ar choinníoll nach dtiocfaidh athrú ar do chúinsí. Is féidir le FSS athbhreithniú a dhéanamh, arna iarraidh sin agat nó ar a thionscnamh féin, ar do riachtanais chúraim, ar do mheasúnú airgeadais nó ar mhéid na hiasachta tí altranais. Tá tuilleadh eolais faoi seo sa leabhrán eolais.

## ■ Agus má thagann athrú ar mo chúinsí?

Ní mór duit a chur in iúl do FSS laistigh de 10 lá oibre má thagann athrú ar do chúinsí féin nó ar chúinsí do pháirtí, toisc go bhféadfadh tionchar a bheith ag na hathruithe ar do thacaíocht airgeadais, m.sh. má fhaigheann do chéile/pháirtí bás nó má dhíolann tú féin nó do chéile/pháirtí bhur sócmhainn réadmhaoine. Má theipeann ort an méid sin a chur in iúl do FSS, seans go ró-íocfar tacaíocht Stáit leat, rud a bheidh ort a aisíoc le FSS. Má theipeann ar dhuine athrú ar a chúinsí a chur in iúl do FSS, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear fíneáil nach mó ná €1,000 a chur air ar a chiontú go hachomair.

**An ndéantar cóimheasúnú ar ioncam lánúine?**

Daoine nach bhfuil ina gcónaí le chéile mar lánúin, déantar measúnú orthu ina n-aonar, agus déantar cóimheasúnú ar dhaoine atá ina gcónaí le chéile mar lánúin. Is éard atá i gceist le lánúin ná:

- Lánúin phósta atá ag ina gcónaí le chéile
- Lánúin chomhchónaitheach (ina gcónaí le chéile le 3 bliana nó níos mó)
- Lánúin chomhghnéis (ina gcónaí le chéile le 3 bliana nó níos mó)

Ní áirítear léi deartháireacha ná deirfiúracha atá ina gcónaí le chéile, ná beirt daoine fásta atá ina gcónaí le chéile ach ní mar pháirtithe saoil. I gcás go bhfuil duine de lánúin ag cur isteach ar an iasacht tí altranais, ní mór dá c(h)éile nó dá p(h)áirtí an chuid sin den iarratas a shíniú.

**Cé dó ar chóir an fhoirm seo a líonadh isteach?**

Ba chóir don duine atá ag cur isteach ar an gcúram i dteach altranais an fhoirm seo a chomhlánú agus a shíniú. Is féidir cabhair agus comhairle a fháil ó oibríthe cúraim sláinte agus ó Oifigí Tacaíochta FSS do Thithe Altranais. I gcás nach mbeidh duine atá ag cur isteach ar chúram i dteach altranais lánábailta cinní a dhéanamh, ceadófar do dhuine sonraithe cur isteach ar Thacaíocht Stáit thar a cheann. I gcás nach mbeidh duine atá ag cur isteach ar an iasacht Tí Altranais lánábailta cinní a dhéanamh, ní mór d'ionadaí Cúraim an t-iarratas a dhéanamh. Féadfaidh duine arna cheapadh faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae nó Coiste Coimircí Cúirte iarratas a dhéanamh i gcúinsí den sórt sin freisin. Tá tuilleadh eolais faoi seo sa Leabhrán Eolais.

**Céard is gá dom a chur isteach i dteannta m'fhoirme iarratais?**

Ní mór fianaise dhoiciméadach a chur isteach i dteannta d'iarratais le tacú le haon fhaisnéis atá curtha ar fáil agat. Tugtar sonraí i ngach cuid faoina bhfuil ag teastáil.

ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

Dáta a Fhála \_\_\_\_\_ Uimh. Thag. \_\_\_\_\_

**Cuid 1A – Sonraí an Iarratasóra – Bain úsáid as BLOCLITREACHA**

(Is é an t-iarratasóir an duine a bhféadfadh cúram a bheith ag teastáil uaidh/uaithi)

Sloinne:		An bhfuil gnáthchónaí ort in Éirinn?	Tá	<input type="checkbox"/>	Níl	<input type="checkbox"/>
Céadainm(neacha):		An raibh cónaí ort thar lear riamh?	Bhí	<input type="checkbox"/>	Ní raibh	<input type="checkbox"/>
Dáta Breithe:	L L M M B B B B	Seoladh Baile: (Áirigh an cód poist)				
Teileafón lae:	0					
Inscne:	Fireann:	<input type="checkbox"/>	Baineann:	<input type="checkbox"/>		
Uimhir PSP (éigeantach):		Seoladh reatha murab ionann é agus an seoladh baile: (ina chónaí le gaol, nó in ospidéal/teach altranais)				
Seoladh ríomhphoist:						
Sloinne breithe: (Murab ionann é agus an sloinne thuas)		Baile:				
Má tá sé/sí in ospidéal/teach altranais, sonraigh an dáta iontrála:		Contae:				

Stádas Caidrimh - Ná roghnaigh ach ceann amháin díobh seo a leanas:

Lánúin	Cuir tic leis <input type="checkbox"/>	Tá sibh pósta agus in bhur gcónaí le chéile/in aontíos
Má tá sibh in aontíos, sonraigh líon na mblianta atá tú in aontíos le do pháirtí	<input type="text"/>	bliain
Singil	Cuir tic leis <input type="checkbox"/>	Gan bheith pósta/Gan bheith i do chónaí mar dhuine de lánúin/Teach á roinnt le duine fásta eile, m.sh. deartháir, deirfiúr nó cara
Baintreach mná/fir	Cuir tic leis <input type="checkbox"/>	Más ea, cuir cóip de Dheimhniú Báis do chéile faoi iamh má tá sé i gceist agat iarratas a dhéanamh ar an iasacht tí altranais faoi Chuid 6A
Scartha/ Colscartha	Cuir tic leis <input type="checkbox"/>	Bhí tú pósta ach tá tú scartha nó colscartha anois agus i do chónaí ar leithligh ó d'iar-chéile

An ndearna tú féin nó do pháirtí (a mhaireann nó nach maireann) iarratas roimhe seo ar Thacaíocht nó Fóirdheontas Stáit?	Rinne <input type="checkbox"/>	Ní dhearna <input type="checkbox"/>
Má rinne, cathain (más eol)		

An bhfuil Cárta Leighis, Cárta Cuairte Doctúra, Cárta Heipitíteas C faoin Acht Sláinte (Leasú), Cárta Breoiteachta Fadtéarmaí nó Cárta Scéime Íocaíochta Drugaí agat faoi láthair?	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
--	-----------------------------	------------------------------

Tabhair an Uimhir (más eol)

## Foirm Iarratais na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais

Tuigimid go bhféadfadh sé gur mhaith leat cabhair nó tacaíocht a fháil ó ghaol nó ó chara leat leis an iarratas seo a dhéanamh agus na doiciméid is gá a bhailiú le chéile. Dá mba mhaith, tabhair sonraí teagmhála an duine sin anseo:

Ainm:

Seoladh:

Gaol leis an Iarratasóir:

Uimhir Fóin:

Uimhir Fóin Póca:

Tabhair do d'aire, má dhéanann tú duine teagmhála a ainmniú, go bhfuil tú ag toiliú go bhfaighidh an duine sin cóipeanna de na doiciméid a bhainfidh le do riachtanais chúraim agus do mheasúnuithe airgeadais.

Tabhair sonraí d'ionadaí/aturnae dhlíthiúil, más eol

Uimhir Fóin:

Ainm Iomlán an Chéile/Pháirtí:

UPSP: (éigeantach)

Dáta Breithe: (éigeantach)

Más duine de lánúin thú, an bhfuil do chéile/do pháirtí faoi chúram fadtéarmach? Má tá, tabhair an fhaisnéis seo a leanas:

Tá  Níl

Ainm an Tí Cónaithe/Altranais:

Ranníocaíocht Sheachtainiúil as Cúram: €

Cineál Cúraim:

STTA  TA Poiblí  TA Príobháideach  Leaba ar Conradh  Fóirdheontas  Eile

Sonraigh

## Cuid 2 – Iarratas ar Mheasúnú ar Riachtanais Chúraim

### Cuid 2 A – Le comhlánú ag duine a bhféadfadh seirbhísí cúraim a bheith ag teastáil uaidh/uaithi.

Déanaimse, \_\_\_\_\_, iarratas leis seo ar Mheasúnú ar Riachtanais Chúraim faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais.

Sínithe:

Dátaithe:  L  L /  M  M /  B  B  B  B

### Cuid 2 B – Le comhlánú i gcás nach féidir le duine iarratas a dhéanamh ar Mheasúnú ar Riachtanais Chúraim thar a cheann féin.

Déanaimse, \_\_\_\_\_, iarratas leis seo ar Mheasúnú ar Riachtanais Chúraim faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais thar ceann \_\_\_\_\_

duine is cosúil a bhfuil seirbhísí cúraim ag teastáil uaidh/uaithi agus nach féidir leis/léi iarratas a dhéanamh thar a c(h)eann féin de dheasca easláinte, míchumas coirp nó riocht meabhrach.

Tá an t-iarratas seo á dhéanamh agam mar: (Cuir tic sa bhosca ceart)

- |  |                          |   |                          |
|--|--------------------------|---|--------------------------|
| (a) céile/páirtí;                        | <input type="checkbox"/> | (f) oibrí sóisialta cláraithe;                  | <input type="checkbox"/> |
| (b) gaol atá os cionn 18 mbliana d'aois; | <input type="checkbox"/> | (g) Coiste Coimircí Cúirte*;                    | <input type="checkbox"/> |
| (c) ionadaí dlíthiúil;                   | <input type="checkbox"/> | (h) neaschara arna cheapadh ag an gCúirt*;      | <input type="checkbox"/> |
| (d) liachleachtóir cláraithe;            | <input type="checkbox"/> | (i) Aturnae faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae*; | <input type="checkbox"/> |
| (e) altra cláraithe;                     | <input type="checkbox"/> | (j) Ionadaí Cúraim arna cheapadh ag an gCúirt*; | <input type="checkbox"/> |

Sínithe:

Dátaithe:  L  L /  M  M /  B  B  B  B

Seoladh: \_\_\_\_\_

Teil: \_\_\_\_\_ R-phost: \_\_\_\_\_

(\* Cuir fianaise dhoiciméadach faoi iamh)

## Cuid 3A – Sonraí ioncaim

**Más duine de lánúin thú, tabhair sonraí faoi do chéile/pháirtí. Cuir fianaise dhoiciméadach ar an ioncam go léir faoi iamh, m.sh. duillín pá pinsin. Ba chóir do Ghlanioncam Seachtainiúil a lua, i.e. d'ioncam seachtainiúil tar éis Cáin, ÁSPC, srl. a asbhaint.**

Ioncam	Méid sa tseachtain	
	Iarratasóir	Céile/Páirtí
Pinsean/liúntas/sochar ón Roinn Coimirce Sóisialaí	€	€
Aon phinsean neamh-Éireannach eile	€	€
Pinsean ceirde <i>Cuir cóip de do dhuillín pinsin faoi iamh</i>	€	€
Fostaíocht, trádáil, nó gairm bheatha (lena n-áirítear obair pháirtaimseartha) <i>Cuir cóip de dhuillín pá, P60 nó P21 faoi iamh</i>	€	€
Ioncam cíosa (sa Stát nó eile)	€	€
Ioncam ó bheith i seilbh oifige nó stiúrthóireachta	€	€
Ioncam ó tháilí, coimisiúin, díbhinní, ús, nó ioncam de chineál comhchosúil	€	€
Íocaíochtaí faoi shocraíocht, cúnant, eastát nó íocaíocht i leith cothabhála	€	€
Ioncam ó ríchíosanna agus blianachtaí	€	€
Ioncam a aistríodh uait chuig duine eile le 5 bliana anuas	€	€
Ioncam Feirmeoireachta/Gnó <i>Má thagann ioncam ó Fheirm nó ó Ghnó, cuir faoi iamh measúnú cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim, na cuntais ina leith sin don bhliain chánach roimhe agus sonraí faoi aon íocaíochtaí ón Roinn Talmhaíochta</i>	€	€
Aon ioncam eile:		
	€	€
	€	€
Cuir ar fáil	Iarratasóir	Céile/Páirtí
Uimhir PSP (éigeantach) <i>nó</i>		
Uimhir an Leabhair Pinsin ón Roinn Coimirce Sóisialaí <i>nó</i>		
Uimhir Éilimh ón Roinn Coimirce Sóisialaí		

## Cuid 3B – Asbhaintí Incheadaithe

**Is ceadmhach roinnt costas a asbhaint ó d'ioncam le haghaidh an mheasúnaithe seo. Tabhair sonraí faoi asbhaintí incheadaithe.**

	Méid sa bhliain	
	Iarratasóir	Céile/Páirtí
Costais Sláinte (m.sh. táillí dochtúra, costais chógaslainne, táillí oidis)	€	€
Ús ar iasachtaí a bhaineann le do phríomháit chónaithe	€	€
Íocaíochtaí Cíos (Má tá cónaí ort i gcóiríocht ar cíos)	€	€
Íocaíochtaí Cothabhála le duine eile	€	€
Tobhaigh a gceanglaítear le dlí iad a íoc, m.sh. cáin mhaoine	€	€

**Ba chóir na méideanna bliantúla a lua thuas, glan ó Fhaoiseamh Cánach.**

**Beidh fianaise ar na hasbhaintí seo ag teastáil ó FSS i dtaca le do mheasúnú.**

Iasachtaí i leith do phríomháite cónaithe (i gcás go roghnóidh tú leas a bhaint as an asbhaint seo, ní fhéadfaidh tú na hiasachtaí céanna a fhritháireamh in aghaidh luach na sócmhainne)

€	€
---	---

Tabhair fianaise dhoiciméadach ar iasachtaí.

An bhfuil tú ag iarraidh asbhaint incheadaithe a éileamh i leith leanbh cleithiúnach/leanaí cleithiúnacha atá faoi bhun 21 bhliain d'aois nó atá ag gabháil d'oideachas lánaimseartha

Tá  Níl

Dearbhaigh ainm(neacha), dáta(i) breithe agus stádas oideachais lánaimseartha do chleithiúnaí/chleithiúnaithe

## Cuid 4A – Sonraí faoi Shócmhainní Airgid

**Tabhair sonraí faoi na Sócmhainní Airgid go léir, agus an t-iarmhéid iomlán duitse agus do do chéile nó do pháirtí. Tabhair fianaise dhoiciméadach ar na sócmhainní airgid, m.sh. ráitis bhainc a eisíodh le déanaí.**

**Coigilteas, Taisc agus Cuntais Reatha** (tabhair méid iomlán)

	Iarratasóir	Céile/Páirtí
Banc	€	€
Comhair Chreidmheasa	€	€
Oifig an Phoist	€	€
Eile (sonraigh) <input type="text"/>	€	€

**Cistí Scoir Formheasta (CSFanna), scaireanna, bannaí, urrúis, srl.**

<input type="text"/>	€	€
<input type="text"/>	€	€
<input type="text"/>	€	€
Airgead a tugadh ar iasacht do dhuine eile atá inaisíoctha	€	€

Iomlán na Sócmhainní Airgid a aistríodh chuig duine eile sna 5 bliana roimh do chéad iarratas ar an STTA (airgead tirim, coigilteas/taiscí, scaireanna, bannaí, urrúis, srl.)

<input type="text"/>	€	€
----------------------	---	---

Má tugadh ar ais cuid de na sócmhainní a aistríodh amhlaidh, sonraigh an méid iomlán a tugadh ar ais

<input type="text"/>	€	€
----------------------	---	---

Sócmhainní Airgid Eile

<input type="text"/>	€	€
<input type="text"/>	€	€

## Cuid 4B – Sonraí faoi Shócmhainní Neamhairgid

Is éard atá i gceist le Sócmhainní Neamhairgid ná gach cineál réadmhaoine, talún nó nithe luachmhara ar leatsa agus le do chéile nó do pháirtí iad, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de. Cuir faoi iamh fianaise dhoiciméadach ar shócmhainní, luachanna agus aon mhéideanna amuigh ar iasachtaí.

### Príomháit Chónaithe

Seoladh Baile

Luaigh más tusa an t-úinéir/comhúinéir/tionónta/lóistéir/ceannaitheoir tionónta údaráis áitiúil/eile (sonraigh)

Má tá d'áit chónaithe faoi d'úinéireacht nó faoi d'úinéireacht pháirteach, tabhair luach margaidh reatha d'áite cónaithe. (Cuir ar fáil Deimhniú Luacha Margaidh ó Cheantálaí nó Luachálaí)

€

An aisíocaíocht mhíosúil ar an iasacht

An méid amuigh ar an iasacht

Luaigh aisíocaíochtaí iasachta (méid in aghaidh na míosa) agus an méid atá amuigh ar na hiasachtaí sin (Cuir faoi iamh an ráiteas iasachta is déanaí atá ar fáil)

€

€

Sonraigh an cineál iasachta atá i gceist leis an méid atá amuigh i.e. Morgáiste, Iasacht Saoil, Comhar Creidmheasa, Eile

**Sócmhainní Neamhairgid Eile (maoin, talamh, feirm, gnó, srl.)** Tabhair sonraí (lena n-áirítear an seoladh, más cuí)

Luach in € i leith an iarratasóra agus a c(h)éile

An méid amuigh ar an iasacht

€

€

€

€

Cuir ar fáil Deimhniú Luacha Margaidh ó Cheantálaí nó Luachálaí.

Tabhair sonraí faoi aon mhorgáiste nó muirear ar na Sócmhainní Neamhairgid atá liostaithe thuas.

### Srian 3 bliana: Sócmhainní Feirme agus Gnó:

Más mian leat cur isteach ar an srian 3 bliana ar shócmhainn feirme nó ghnó, féach Cuid 7 le faisnéis a fháil

### Sócmhainní Aistrithe

Tabhair sonraí faoi aon sócmhainní neamhairgid (maoin/talamh) a díoladh le duine eile nó a aistríodh chuig duine eile laistigh de na 5 bliana roimh d'iarratas ar an STTA

Sonraí faoin tSócmhainn	Dáta a hAistrithe	Luach in € Tráth a Díolta nó a hAistrithe	Méid in € a Fuarthas ón Díolachán/Aistriú	Má aistríodh í, cé chuige ar aistríodh í?

Tabhair fianaise dhoiciméadach ar an méid a fuarthas nó ar luach margaidh na sócmhainne tráth a díolta/a haistrithe

Tabhair do d'aire, má thugann duine faisnéis bhréagach nó mhíthreorach go feasach i ndáil le hiarratas ar Thacaíocht Stáit, go mbeidh sé nó sí ciontach i gcion agus go ndlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí nó iad araon a chur air nó uirthi. I gcás go dteipfidh ar dhuine nochtadh a dhéanamh nó go dtabharfaidh sé nó sí míráiteas maidir le méid nó luach ioncaim/sócmhainní, agus i gcás go bhfaighidh sé nó sí méid níos mó Tacaíochta Stáit ná mar a gheobhadh sé nó sí dá mba rud é go ndearna sé nó sí an nochtadh cuí nó nár thug sé nó sí an míráiteas, ní mór don duine an ró-íocaíocht a aisíoc ar éileamh agus féadfaidh FSS é a aisghabháil mar fhiach conartha shimplí ón duine sin nó ó eastát an duine sin.

Tabhair do d'aire go mbeidh sé de dhualgas dlíthiúil ar ionadaí pearsanta duine éagtha, a luaithe a bheidh sé praiticiúil ach, in aon chás, tráth nach lú ná 3 mhí roimh dháileadh aon sócmhainní de chuid eastát an duine, na nithe seo a leanas a thabhairt do FSS: (a) sceideal sócmhainní is infheidhme maidir le heastát an duine éagtha, agus (b) fógra i scríbhinn faoi rún na n-ionadaithe na sócmhainní a dháileadh. Maidir le hionadaí Pearsanta nach gcoinneoidh sócmhainní leordhóthanacha de chuid an eastáit le haon mhéid amuigh a bheidh iníoctha le FSS a aisíoc, beidh sé nó sí faoi dhliteanas go pearsanta i leith an mhéid sin.

## Cuid 5 – Iarratas ar Thacaíocht Stáit

### Léigh an méid seo a leanas agus sínigh Cuid 5A nó Cuid 5B ansin de réir mar is cuí

Mar chuid den iarratas seo, déanfaidh FSS socruithe go ndéanfar Measúnú ar Riachtanais Chúraim agus Measúnú Airgeadais. Féadfaidh eagraíocht ar bith a bhfuil eolas aici a bhaineann le riachtanais chúraim an iarratasóra an fhaisnéis sin a chur ar fáil do FSS. Féadfar ábhar na tuairisce measúnaithe ar riachtanais chúraim a chur ar fáil do ghairmithe sláinte ábhartha, nó í a roinnt leo, más gá. An fhaisnéis riachtanach go léir a d'fhéadfadh FSS a iarraidh i ndáil le breithniú an iarratais seo, cuirfear ar fáil í. Leis an iarratas seo a phróiseáil, féadfaidh FSS rochtain theoranta a iarraidh ar shonraí leasa shóisialaigh le sonraí an iarratasóra, a c(h)éile/p(h)áirtí agus a c(h)uid cleithiúnaithe a dheimhniú. Trí shíniú thíos, beidh tú ag toiliú leis an rochtain sin. Coinneoidh FSS faoi rún an fhaisnéis agus na sonraí pearsanta go léir a chuirfear ar fáil dó. Ní nochtfaidh FSS faisnéis ná sonraí pearsanta do dhaoine nó do chomhlachtaí eile ach amháin de réir an dlí. Ní mór don iarratasóir a chur in iúl do FSS, laistigh de 10 lá oibre, má thagann aon athruithe ar a c(h)úinsí féin nó ar chúinsí a p(h)áirtí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an teidlíocht chun tacaíocht airgeadais.

#### Cuid 5A – Le comhlánú ag an duine a bhfuil seirbhísí cúraim ag teastáil uaidh/uaithi:

Déanaimse iarratas leis seo ar Thacaíocht Stáit faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais. Tá Cuid 5 thuas léite agam agus deirimse go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil ar an bhfoirm seo ceart agus cruinn de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim.

Sínithe:

Dátaithe: 

L	L	/	M	M	/	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---	---	---

#### Cuid 5B – Níl an chuid seo le comhlánú ach amháin i gcás nach bhfuil an duine a bhféadfadh seirbhísí cúraim a bheith ag teastáil uaidh/uirthi lánbalta cinntí a dhéanamh agus nach féidir leis/ léi an t-iarratas a dhéanamh

Déanaimse, \_\_\_\_\_, iarratas leis seo ar Thacaíocht Stáit faoin

Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais thar ceann \_\_\_\_\_  
(ainm an duine)

Tá an t-iarratas seo á dhéanamh agam mar: (Cuir tic sa bhosca ceart)

- |   |                          |
|---|--------------------------|
| (a) Coiste Coimircí Cúirte**                    | <input type="checkbox"/> |
| (b) Aturnae faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae** | <input type="checkbox"/> |
| (c) Ionadaí Cúraim arna cheapadh ag an gCúirt*  | <input type="checkbox"/> |
| (d) céile/páirtí;                               | <input type="checkbox"/> |
| (e) gaol atá os cionn 18 mbliana d'aois;        | <input type="checkbox"/> |
| (f) neaschara arna cheapadh ag an gCúirt**;     | <input type="checkbox"/> |
| (g) ionadaí dlíthiúil;                          | <input type="checkbox"/> |
| (h) liachleachtóir cláraithe;                   | <input type="checkbox"/> |
| (i) altra cláraithe;                            | <input type="checkbox"/> |
| (j) oibrí sóisialta cláraithe;                  | <input type="checkbox"/> |

*Tugtar tosaíocht do chatagóirí (a) go (c) thuas roimh na catagóirí (d) go (j). Tá tuilleadh eolais faoi seo sa Leabhrán Eolais.*

Tá Cuid 5 thuas léite agam agus deirimse go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil ar an bhfoirm seo ceart agus cruinn de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim. Níl tosaíocht ag aon duine an t-iarratas seo a dhéanamh romhamsa / Tá gach duine a bhfuil tosaíocht níos airde acu tar éis cead i scríbhinn (cóip/ cóipeanna faoi iamh) a thabhairt dom an t-iarratas seo a dhéanamh (scríos amach de réir mar is cuí). (Féach an Leabhrán Eolais)

Sínithe:

Dátaithe: 

L	L	/	M	M	/	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---	---	---

(\*\* Cuir fianaise dhoiciméadach faoi iamh)



## Cuid 6 – Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit)

**Is tacaíocht bhreise í an Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit) atá ceaptha lena chinntiú nach gá do dhaoine sócmhainní, ar nós a dtí, a dhíol i gcaitheamh a saoil lena gcuid costais chúraim a íoc.**

Gné roghnach bhreise den Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais í seo atá dírithe ar na daoine siúd a bhfuil sócmhainní réadmhaoine/talamhbhunaithe acu sa Stát. Iasacht í a thugann FSS ar airleacan duit. Íoctar í d'fhonn cabhrú leat an chuid den ranníocaíocht leis an gcostas cúraim atá bunaithe ar shócmhainní réadmhaoine/talamhbhunaithe in Éirinn (i.e. talamh agus réadmhaoine laistigh den Stát) a chlúdach.

Mar thoradh ar íoc na hiasachta Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit) ag FSS, cruthaítear Muirear (cineál simplí morgáiste) i bhfabhar FSS ar leas an iarratasóra agus a p(h)áirtí sa tsócmhainn/sna sócmhainní atá leagtha amach san iarratas seo. Cuirfidh FSS an muirear sin in iúl don Údarás Clárúcháin Maoine, a chláróidh é ar an tsócmhainn/na sócmhainní atá sonraithe san iarratas seo.

B'fhéidir gur mhaith leat, dá bhrí sin, **comhairle neamhspleách dlí** a lorg sula ndéanfaidh tú iarratas ar Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit). Tabhair faoi deara, áfach, nach bhfuil aon cheanglas ort déanamh amhlaidh.

I gcás go bhfuil an teach, an fheirm, an gnó nó an tsócmhainn eile faoi úinéireacht níos mó ná duine amháin, iarrann FSS ar gach comhúinéir Cuid 6B den foirm seo a líonadh isteach.

Is féidir iarratas a dhéanamh ar an Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit) ag am ar bith, ní hamháin ar dhul isteach i gcúram fadtéarmach i dteach altranais. Féadfaidh FSS iarratais ar an Iasacht Tí Altranais a cheadú faoi réir an bhuiséid iomláin a bheidh ar fáil ina leith.

Beidh an Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit), mar aon le hús, inaisíoctha (ach amháin más rud é gur aisíoc an t-iarratasóir í dá dheoin féin sula raibh sí dlite)

- nuair a gheobhaidh an t-iarratasóir bás, nó
- nuair a aistrefar/a dhíolfar aon chuid den tsócmhainn mhuirearaithe (ní mór FSS a chur ar an eolas laistigh de 10 lá oibre ó dháta an aistrithe/an díolta), nó
- má dhéantar féimheach den iarratasóir nó dá p(h)áirtí, nó
- má chinneann FSS gur tugadh faisnéis bhréagach/mhíthreorach dó maidir leis an iarratas iasachta seo

Ní mór an Iasacht a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim [féach thíos]

Seo a leanas eolas maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an próiseas:

Tugtar **“an duine cuntasach iomchuí”** ar an duine atá freagrach as an Iasacht tí altranais a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ní gá gurbh é an duine cuntasach ábhartha an t-iarratasóir, ag brath ar na cúinsí mar atá leagtha amach sna samplaí seo a leanas:

**Sampla 1:** I gcás go ndéanfar cuid de bhur maoin nó bhur maoin ar fad a aistriú nó a dhíol i gcaitheamh bhur saoil, is tusa agus do chéile/pháirtí na daoine cuntasacha iomchuí.

**Sampla 2:** I gcás go dtiocfaidh an Iasacht chun bheith inaisíoctha tar éis bhás an iarratasóra, is é ionadaí pearsanta an duine éagtha an duine cuntasach iomchuí. Féadfar duine a gheobhaidh an mhaoin nó aon chuid di le hoidhreacht, nó a mbeidh leas aige nó aici inti, a bheith freagrach freisin as aisíoc na hiasachta.

### Cathain is gá an aisíocaíocht a dhéanamh?

Nuair a thagann an Iasacht tí altranais chun bheith inaisíoctha, cuireann FSS litir chuig an duine cuntasach iomchuí. Cuireann FSS an tsuim atá dlite in iúl dó nó di agus tugann fógra nach mór an Iasacht a aisíoc. Agus an méid atá dlite á ríomh, cuireann FSS an praghasinnéacs tomhaltóirí i bhfeidhm ar an Iasacht le boilsciú nó díbhoilsciú ó íocadh an Iasacht a chur san áireamh.

### Teorannacha ama maidir le haisíocaíocht

Baineann an teorainn ama seo a leanas le haisíoc na hiasachta tí altranais;

- I gcás go dtiocfaidh an Iasacht chun bheith inaisíoctha de bharr bhás an duine faoi chúram, cuir i gcás, caitheamh an Iasacht a aisíoc laistigh de 12 mhí ó dháta an bháis. **I gcás nach mbeidh an aisíocaíocht déanta laistigh den tréimhse sin, tosóidh na Coimisinéirí Ioncaim ag gearradh úis ar an tsuim dhlite ó dháta an bháis.**
- I gcás go dtiocfaidh an Iasacht chun bheith inaisíoctha de bharr dhíol nó aistriú na sócmhainne réadmhaoine i gcaitheamh do shaoil, caitheamh í a aisíoc laistigh de 6 mhí ó dháta a díolta/haistrithe, é sin nó tosóidh **na Coimisinéirí Ioncaim ag gearradh úis ón dáta sin.**

### An chaoi a ndéantar an aisíocaíocht

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim an gníomhaire bailithe do FSS maidir le hairgead arna thabhairt ar airleacan trí Iasacht tí altranais. Ní mór an Iasacht Tí Altranais a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ba chóir í a aisíoc a luaithe is féidir tar éis an fógra a fháil ó FSS ach, in aon chás, laistigh den tréimhse atá leagtha amach anseo thuas. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcaoi ar féidir íocaíochtaí a dhéanamh le fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

### Aisíoc Iasachta Tí Altranais a Chur Siar

I gcás go dtiocfaidh an Iasacht chun bheith inaisíoctha ar bhás duine, is féidir aisíoc an airgid a bhaineann leis an bpríomhát chónaithe a chur siar i gcásanna áirithe. Tá tuilleadh eolais faoi seo sa leabhrán eolais.

Maidir leis an aisíoc a chur siar, seo a leanas na teorannacha ama a bhaineann le haisíoc na hiasachta tí altranais:

- Ar bhás pháirtí an duine atá faoi chúram nó ar bhás an *duine bhaintigh*, caitheamh an Iasacht a aisíoc laistigh de 12 mhí ó dháta báis an duine sin. Le tuilleadh eolais a fháil faoin sainmhíniú ar ‘duine bainteach’, féach an leabhrán eolais.
- I gcás go scoirfidh duine de bheith ina dhuine bainteach mar a shainmhíneáir sa reachtaíocht é nó i gcás go ndéanfar leas san áit chónaithe a aistriú/a dhíol, caitheamh an Iasacht a aisíoc laistigh de 6 mhí ón dáta ar scoir an duine de bheith ina *dhuine bainteach* nó ó dháta an aistrithe/an díola.



## Cuid 6A – Iarratas ar Iasacht Tí Altranais (Tacaíocht Choimhdeach Stáit)

Déanaimse/Déanaimidne iarratas leis seo ar an Tacaíocht Choimhdeach Stáit (Iasacht Tí Altranais), agus iarraim/iarraimid freisin go n-íocfar í, faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009 (“an tAcht”) i leith na sócmhainne/sócmhainní réadmhaoine/talamhbhunaithe seo a leanas atá suite laistigh den Stát. Admhaím/admhaímid go gcruthófar, mar thoradh ar íoc na Tacaíochta Coimhdí Stáit, Muirear i bhfabhar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (a mheastar, de bhua an Achta, ar morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas é) ar leas an duine a mbaineann an íocaíocht leis nó léi agus ar leas pháirtí an duine sin i cibé talamh atá sonraithe san iarraidh ar íoc na Tacaíochta Coimhdí Stáit (Iasacht Tí Altranais). Tá mise/muidne ag toiliú go gcruthófar Muirear ar an tsócmhainn/na sócmhainní atá liostaithe thíos i bhfabhar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

### 1ú Píosa Réadmhaoine

Sonraí na Sócmhainne:
Uimhir/Ainm an Tí:
Sráid:
Baile/Cathair:
Baile Fearainn:
Contae:
Uimhir an Fhóilió (más eol):

### 2ú Píosa Réadmhaoine

Sonraí na Sócmhainne:
Uimhir/Ainm an Tí:
Sráid:
Baile/Cathair:
Baile Fearainn:
Contae:
Uimhir an Fhóilió (más eol):

(Tabhair fianaise dhoiciméadach ar an teideal ar an maoin, m.sh. cóip d’fhóilió ó Chlárlann na Talún/cóip de Ghníomhas Teidil/cóip de léas/cóip de thíolacas. Más réadmhaoin léasach í, caithfear cóip den léas a chur ar fáil)

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

UPSP:

(Iarratasóir)

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

UPSP:

(Páirtí/Céile)

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

UPSP:

(Ionadaí an Iarratasóra)

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

UPSP:

(Ionadaí an Pháirtí)

### Má tá tú ag síniú mar ionadaí, tabhair fianaise gur ceapadh mar Ionadaí Cúraim/Aturnae faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae/Coiste Coimircí Cúirte thú.

Ainm aon daoine eile atá ina gcónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra amhail ar dháta an iarratais

Líon na mblianta atá sé nó sí ina c(h)ónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra

Líon na mblianta atá sé nó sí ina c(h)ónaí i bpríomháit chónaithe an iarratasóra

Duine Cuntasach Iomchuí (Féach an Nóta Míniúcháin ar Leathanach 8)

Ainm:

Seoladh:

Uimhir Fóin:

UPSP:

Éilíonn na Coimisinéirí Ioncaim na sonraí thuas maidir leis an Duine Cuntasach Iomchuí i dtaca le haisíoc na hiasachta tí altranais.

Aon duine a thabharfaidh faisnéis atá bréagach nó míthreorach do FSS go feasach nó go meargánta i dtaca le hiarratas ar thacaíocht airgeadais, dlífeair, ar é nó í a chiontú, fíneáil agus/nó príosúnacht a ghearradh air nó uirthi.

## Cuid 6B – Toiliú an Chomhúinéara/na gComhúinéirí

**Iarrtar ar aon duine/daoine a bhfuil sócmhainn réadmhaoine aige/aici/acu i gcomhpháirt leis an iarratasóir an t-alt seo a shíniú.**

Tugaimse/Tugaimidne \_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_ ,  
(comhúinéir(i) na sócmhainne/sócmhainní atá luaite thíos), cead i scríbhinn roimh ré go gcruthófar Muirear i bhfabhar FSS faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009 (“an tAcht”) i leith na sócmhainne/sócmhainní réadmhaoine/talamhbhunaithe seo a leanas atá suite laistigh den Stát. Admhaím/admhaímíid go gcruthófar, mar thoradh ar íoc na Tacaíochta Coimhdí Stáit, Muirear i bhfabhar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (a mheastar, de bhua an Achta, ar morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas é) ar leas an duine a mbaineann an íocaíocht leis nó léi agus ar leas pháirtí an duine sin i cibé talamh atá sonraithe san iarraidh ar íoc na Tacaíochta Coimhdí Stáit.

### 1ú Sócmhainn Réadmhaoine

Sonraí na Sócmhainne:
Uimhir/Ainm an Tí:
Sráid:
Baile/Cathair:
Baile Fearainn:
Contae:
Uimhir an Fhóilió (más eol):

### 2ú Sócmhainn Réadmhaoine

Sonraí na Sócmhainne:
Uimhir/Ainm an Tí:
Sráid:
Baile/Cathair:
Baile Fearainn:
Contae:
Uimhir an Fhóilió (más eol):

Sínithe:

\_\_\_\_\_ (larratasóir)

Dátaithe: L L / M M / B B B B

Sínithe:

\_\_\_\_\_ (larratasóir)

Dátaithe: L L / M M / B B B B

**Ní mheasfar déanamh Muirir i bhfabhar FSS a bheith ar neamhní de cheal réamhthoilíú i scríbhinn ó chomhúinéir.**

## Cuid 7 – Srian 3 Bliana ar Fheirmeacha agus Gnólachtaí Iomchuí

Tacaíocht bhreise é an srian 3 bliana ar fheirmeacha agus gnólachtaí iomchuí agus tá sé deartha leis an srian 3 bliana a chur ar fáil maidir le sócmhainní feirme agus gnó atá faoi úinéireacht teaghlaigh agus á n-oibriú acu. Iarratasóirí a n-éireoidh lena n-iarratas ar Thacaíocht Stáit, éileofar orthu cuid dá n-ioncam inmheasúnaithe agus cuid de luach a gcuid sócmhainní a íoc faoi chomhair a gcúraim. Tá fáil ar shrian 3 bliana ar ranníocaíochtaí leis an Scéim maidir le sócmhainní iomchuí feirme agus/nó gnó atá faoi úinéireacht teaghlaigh agus á n-oibriú acu i gcás go ngabhfadh comharba teaghlaigh air nó uirthi féin an fheirm nó an gnó a oibriú. Tá fáil ar an srian 3 bliana i gcás go gceapfar comharba teaghlaigh leis an bhfeirm nó an gnólacht a reáchtáil go ceann 6 bliana ó dháta an cheapacháin. Má cheadaítear an srian 3 bliana, cruthófar muirear i bhfabhar FSS i leith na sócmhainní inmhuirearaithe.

Coinníollacha maidir le comharba teaghlaigh a cheapadh

1. Tá sé déanta amach ag FSS go bhfuil cúram tí altranais ag teastáil ón duine atá i gceist
2. Tá measúnú airgeadais faoin Scéim déanta ar an duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh nó uaithi
3. Tá an duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh nó uaithi nó páirtí an duine sin i gceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas
  - Tá leas aige nó aici i bhfeirm
  - Tá leas aige nó aici i ngnólacht iomchuí
  - Bhí leas aige nó aici i bhfeirm ar sócmhainn aistrithe í
  - Bhí leas aige nó aici i ngnólacht iomchuí ar sócmhainn aistrithe é
4. Tá dearbhairte ag an duine a bhfuil an cúram ag teastáil uaidh nó uaithi i ndearbhú reachtúil arna dhéanamh le FSS, maidir leis an tsócmhainn shonraithe, ar feadh tréimhse 3 bliana (tréimhse nach gá di a bheith leanúnach) i gcaitheamh na tréimhse 5 bliana dar críoch an lá a dtosóidh sé nó sí ag fáil seirbhísí cúraim, go raibh cuid shubstaintiúil d'am oibre an duine sin, an chomharba teaghlaigh bheartaithe, duine arna cheapadh mar chomharba teaghlaigh nó pháirtí an duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh nó uaithi, dírithe go rialta comhsheasmhach ar shócmhainn an teaghlaigh a reáchtáil.
5. Más sócmhainn aistrithe í an tsócmhainn shonraithe ar fad nó cuid di,
  - Rinneadh sócmhainn aistrithe di tráth ar aistrigh an duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh nó uaithi nó a p(h)áirtí chuig an gcomharba teaghlaigh beartaithe í
  - Tá sí fós i seilbh an chomharba teaghlaigh bheartaithe mar shócmhainn aistrithe, agus
  - Gabhann an comharba teaghlaigh beartaithe air nó uirthi féin, trí dhearbú reachtúil, aon suimeanna a aisíoc a bhféadfadh sé nó sí teacht chun bheith faoi dhliteanas ina leith de dheasca neamhchomhlíonadh cheanglais na Scéime.
6. Ní mór don chomharba teaghlaigh beartaithe a dhearbú trí dhearbú reachtúil, má cheaptar mar chomharba teaghlaigh é nó í, go mbeidh cuid shubstaintiúil de ghnátham oibre an duine sin dírithe go rialta comhsheasmhach ar an tsócmhainn teaghlaigh a reáchtáil go ceann tréimhse 6 bliana a thosóidh ar dháta a c(h)eachtha.
7. I gcás nach sócmhainn aistrithe í an tsócmhainn, ní mór don duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh nó uaithi, a p(h)áirtí agus aon duine eile ar leis-sean an tsócmhainn a thoilíú go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS.
8. I gcás gur sócmhainn aistrithe í an tsócmhainn, ní mór don duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh nó uaithi agus aon duine eile ar leis-sean an tsócmhainn a thoilíú go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS.

### Cé dó a gceadaítear a bheith ina Chomharba Teaghlaigh?

Ní mór do chomharba teaghlaigh 18 mbliana d'aois a bheith slánaithe aige nó aici, a bheith mar pháirtí an duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh nó uaithi, nó mar ghaol leis an duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh nó uaithi, nó lena p(h)áirtí, nó mar chliamhain nó banchliamhain leis an duine a bhfuil cúram ag teastáil uaidh nó uaithi, nó lena p(h)áirtí. Sainmhínítear gaol mar thuismitheoir, leas-thuismitheoir, leanbh, garpháiste, deartháir, leasdeartháir, deirfiúr, leasdeirfiúr, uncail, aintín, nia nó neacht leis an duine.

I gcás sócmhainn a aistríodh, féadfar an duine ar aistríodh an tsócmhainn chuige nó chuici a cheapadh mar chomharba teaghlaigh ar choinníoll go leanfaidh sé nó sí de bheith i seilbh na sócmhainne atá sonraithe san iarratas agus go ngabhfadh sé nó sí air nó uirthi féin, trí dhearbú reachtúil, aon suimeanna a aisíoc a dtiocfaidh sé nó sí chun bheith faoi dhliteanas ina leith de bhua cheanglais an Achta.

### Ordú muirearaithe FSS

Má cheadaítear an srian 3 bliana agus íoc na Tacaíochta Stáit méadaithe, cruthófar muirear (cineál morgáiste) i bhfabhar FSS ar leas an duine a bhfuil an cúram ag teastáil uaidh nó uaithi agus pháirtí an duine sin sa tsócmhainn inmhuirearaithe atá leagtha amach san iarratas seo. I gcás gur sócmhainn aistrithe í an tsócmhainn, cruthófar an muirear ar leas an chomharba teaghlaigh sa tsócmhainn.

### Coinníollacha maidir le ceadú an tsriain 3 bliana

- Tá cúram tí altranais á fháil ag an duine faoi chúram ar feadh 3 bliana
- Tá comharba teaghlaigh amháin nó níos mó ceaptha i leith an duine atá faoi chúram i ndáil leis na sócmhainní teaghlaigh
- Tá an gealltanas a thug an comharba teaghlaigh á chomhlíonadh aige nó aici ó cheapadh é nó í
- I gcás gur sócmhainn aistrithe í an tsócmhainn, tá sí fós i seilbh an chomharba teaghlaigh
- Tá muirear i bhfabhar FSS i bhfeidhm i leith na sócmhainní inmhuirearaithe
- Níor tharla teagmhas aisíocaíochta

**B'fhéidir gur mhaith leat comhairle neamhspleách dlí a lorg sula ndéanfaidh tú aon iarratas faoin Scéim, ach ní éilítear ort déanamh amhlaidh.**

## Foirm Iarratais na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais

Tá na foirmeacha dearbhaíthe reachtúil le fáil ón oifig de chuid na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais i do cheantarsa nó ar [www.hse.ie/nhss](http://www.hse.ie/nhss)

### Athbheithniú ar Chomhlíonadh agus teagmhais aisíocaíochta

Féadfaidh FSS athbheithniú a dhéanamh am ar bith. Déanfar athbheithniú amháin ar a laghad idir an dáta a dtiocfaidh an srian 3 bliana i bhfeidhm agus dul in éag na tréimhse 6 bliana a dtabharfaidh an comharba teaghlaigh gealltanais ina leith.

Is é is aidhm leis an athbheithniú ná a fháil amach ar tharla teagmhas aisíocaíochta. Déanfar cinnte de mar chuid den athbheithniú go bhfuil an comharba teaghlaigh fós ag cloí leis na coinníollacha ar chomhaontaigh sé nó sí leo.

Mura gcomhlíontar ceanglais na Scéime, déanfar méid iomlán na Tacaíochta Stáit méadaithe a cuireadh ar fáil a fhorchúiteamh. Tar éis do FSS cinneadh a dhéanamh go bhfuil aisíocaíocht dlite, cuirfear sonraí na ndaoine cuntasacha ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim leis an aisíocaíocht a bhailiú.

### Ceanglais maidir le fógra a thabhairt

Caithfear FSS a chur ar an eolas faoi

- bás an duine faoi chúram nó bás pháirtí an duine sin
- bás an chomharba teaghlaigh nó athrú ar a c(h)úinsí
- aon athrú atá beartaithe maidir leis an gcomharba teaghlaigh tar éis aistriú na feirme nó an ghnólachta iomchuí
- aon athrú ábhartha ar chúinsí an chomharba teaghlaigh
- aon athrú a dhéanfaidh difear don fheirm nó don ghnólacht ar ceapadh an chomharba teaghlaigh ina leith
- aon athrú a dhéanfaidh difear do chumas an chomharba teaghlaigh an gealltanais a thug sé nó sí a chomhlíonadh

### Deireadh a Chur leis an Ordú Muirearaithe

Cuirfear deireadh leis an ordú nuair a bheidh FSS sásta nár tharla aon teagmhas aisíocaíochta le linn na tréimhse iomchuí nó go ndearnadh aisíocaíocht a lorgáidh de dheasca neamhchomhlíonadh a íoc ina hiomláine.

## Cuid 7A – Iarratas le comharba teaghlaigh a cheapadh: Feirm / gnólacht iomchuí

Déanaimse/déanaimidne \_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_ iarratas go gceapfar an duine thíosainmnithe mar chomharba teaghlaigh faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (Leasú), 2021 i leith na sócmhainní réadmhaoine agus talambhunaithe atá liostaithe i gCuid 7B.

Ainm:

Seoladh:

Uimhir Fóin:

Uimhir Fóin Póca:

Ríomhphost:

Dáta Breithe:  L  L /  M  M /  B  B  B  B

UPSP:

Gaol leis an duine faoi chúram:

Tá dearbhú reachtúil tugtha ag an duine thuasainmnithe, má cheaptar mar chomharba teaghlaigh é nó í, go mbeidh cuid shubstaintiúil dá g(h)nátham oibre dírithe go rialta comhsheasmhach ar an tsócmhainn teaghlaigh a réachtáil go ceann tréimhse 6 bliana a thosóidh ar dháta a c(h)eaptha.

Síniú:

(Iarratasóir)

Dátaithe:  L  L /  M  M /  B  B  B  B

UPSP:

Síniú:

(Páirtí/Céile)

Dátaithe:  L  L /  M  M /  B  B  B  B

UPSP:

Síniú:

(Ionadaí an Iarratasóra)

Dátaithe:  L  L /  M  M /  B  B  B  B

UPSP:

Síniú:

(Ionadaí an Pháirtí)

Dátaithe:  L  L /  M  M /  B  B  B  B

UPSP:

Má tá tú ag síniú mar ionadaí, tabhair fianaise gur ceapadh mar Ionadaí Cúraim, Aturnae faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae nó Coiste Coimircí Cúirte thú.

Foirm Iarratais na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais

Más sócmhainn aistrithe í an tsócmhainn, caithfidh gach duine d'úinéirí na sócmhainne an chuid seo a chomhlánú.

Toilímse/Toilímíde, \_\_\_\_\_ as \_\_\_\_\_

i gContae/gCathair \_\_\_\_\_ Éirchód: \_\_\_\_\_

úinéir(i) na sócmhainne/sócmhainní dá dtagraítear i gCuid 7B thíos

(a) go ndéanfar iarratas le comharba teaghlaigh a cheapadh, agus

(b) go gcruthófar muirear ar an tsócmhainn/na sócmhainní atá sonraithe i gCuid 7B thíos.

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

## Cuid 7B – Toiliú le cruthú muirir

Admhaím/admhaímíde go gcruthófar, mar thoradh ar cheadú an tsriain 3 bliana, muirear i bhfabhar FSS (a mheastar, de bhua an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009, ar morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas é) ar leas an duine a mbaineann an íocaíocht leis nó léi agus ar leas pháirtí an duine sin i cibé talamh atá sonraithe san iarratas seo agus, i gcás sócmhainn aistrithe, ar leas úinéirí na sócmhainne aistrithe sin. Tá mise/muidne ag toiliú go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS ar na sócmhainní atá liostaithe thíos.

### 1ú Sócmhainn Réadmhaoine

Sonraí na Sócmhainne:
Uimh. an Fhóilió/Sonraí:
Sráid:
Baile/Cathair:
Baile Fearainn:
Contae:
Éirchód:

### 2ú Sócmhainn Réadmhaoine

Sonraí na Sócmhainne:
Uimh. an Fhóilió/Sonraí:
Sráid:
Baile/Cathair:
Baile Fearainn:
Contae:
Éirchód:

(Tabhair fianaise dhoiciméadach ar an teideal ar an tsócmhainn réadmhaoine, m.sh. cóip d'fhóilió ó Chlárlann na Talún, léas, tíolacas. Más réadmhaoin léasach í, caithfear cóip den léas a chur ar fáil.

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

UPSP: \_\_\_\_\_

(Iarratasóir)

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

UPSP: \_\_\_\_\_

(Páirtí/Céile)

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

UPSP: \_\_\_\_\_

(Ionadaí an Iarratasóra)

Sínithe:

Dátaithe: L L / M M / B B B B

UPSP: \_\_\_\_\_

(Ionadaí an Pháirtí)

Má tá tú ag síniú mar ionadaí, tabhair fianaise gur ceapadh mar Ionadaí Cúraim, Aturnae faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae nó Coiste Coimircí Cúirte thú.

## Cuid 7C – Toiliú na gcomhúinéirí

### Comhlánaigh an chuid seo má tá an tsócmhainn réadmhaoine dá dtagraítear thíos faoi chomhúinéireacht.

Tugaimse/Tugaimidne \_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_, comhúinéirí na sócmhainní atá liostaithe thíos, cead go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009, arna leasú, (“an tAcht”) i leith na sócmhainní réadmhaoine/talamhbhunaithe seo a leanas atá suite laistigh den Stát.

Admhaím/admhaímíd, mar thoradh ar íoc na Tacaíochta Stáit méadaithe de bharr gur cuireadh srian 3 bliana ar shócmhainní feirme agus/nó gnólachta iomchuí, go gcruthófar muirear i bhfabhar FSS, a mheasfar de bhua an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais ar morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas é, ar leas an duine a mbaineann an íocaíocht leis nó léi agus ar leas pháirtí an duine sin agus, i gcás sócmhainn aistrithe, ar leas an chomharba teaghlaigh ar aistríodh an tsócmhainn sin chuige nó chuici.

#### 1ú Sócmhainn Réadmhaoine

#### 2ú Sócmhainn Réadmhaoine

Sonraí na Sócmhainne:
Uimh. an Fhóilió/Sonraí:
Sráid:
Baile/Cathair:
Baile Fearainn:
Contae:
Éirchód:

Sonraí na Sócmhainne:
Uimh. an Fhóilió/Sonraí:
Sráid:
Baile/Cathair:
Baile Fearainn:
Contae:
Éirchód:

Sínithe:

(Comhúinéir)

Dátaíthe: L L / M M / B B B B

Sínithe:

(Comhúinéir)

Dátaíthe: L L / M M / B B B B

**Ní mheasfar déanamh Muirir i bhfabhar FSS a bheith ar neamhní de cheal réamhthoilíú i scríbhinn ó chomhúinéir.**

## Doiciméid a chaithfidh tú a chur isteach i dteannta d'fhoirme iarratais comhlánaithe le haghaidh na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais

### Ar gá duit a dhéanamh

De réir dlí, le hiarratas a dhéanamh ar an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais, ní mór duit a insint dúinn faoi d'ioncam agus na sócmhainní atá agat. Chomh maith le d'fhoirme iarratais chomhlánaithe, ní mór duit cruthúnas ar d'ioncam agus do shócmhainní a sheoladh chugainn ionas go mbeimid in ann do ranníocaíocht sheachtainiúil faoi chomhair chostas an chúraim tí altranais a ríomh. Tugtar measúnú airgeadais air seo.

Mínítear anseo ar gá duit a sheoladh chugainn. Le cabhrú leat, tá an fhaisnéis seo briste síos againn ina 4 phríomhchuid. Baineann na codanna sin le codanna éagsúla den mheasúnú airgeadais.

- 1) Ioncam (Cuid 3A den Fhoirm Iarratais)
- 2) Sócmhainní airgid (Cuid 4A den Fhoirm Iarratais)
- 3) Sócmhainní neamhairgid (Cuid 4B den Fhoirm Iarratais agus Cuid 6 den Iasacht Tí Altranais)
- 4) Srian 3 Bliana ar Shócmhainní Feirme agus Gnó (Cuid 7 den Fhoirm Iarratais)

Baineann Cuid 4 leis an Tacaíocht Choimhdeach Stáit (a dtugtar an Iasacht Tí Altranais uirthi chomh maith). Inseofar duit sa chuid seo faoi na doiciméid is gá duit a sheoladh isteach má tá tú ag cur isteach ar an iasacht. Baineann sí le Cuid 6 den fhoirm iarratais.

### Cabhair uait?

Tuigimid gur casta an rud é iarratas a dhéanamh ar an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais, agus go mb'fhéidir go mbeidh comhairle uait agus d'iarratas á chomhlánú agat. Má bhíonn cabhair uait, déan teagmháil leis an oifig de chuid na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais i do cheantarsa, téigh chuig [www.hse.ie/nhss](http://www.hse.ie/nhss) nó cuir glao ar HSELive ar 1850 24 1850. Is féidir leat eolas níos mionsonraithe a fháil freisin ar [www.hse.ie/nhss](http://www.hse.ie/nhss)

## 1. Ioncam (Cuid 3A den Fhoirm Iarratais)

**Tabhair do d'aire:** Má íoctar ioncam go díreach isteach i do chuntas bainc, ní mór duit ráitis bhainc le sé mhí anuas a thabhairt dúinn, **chomh maith leis na doiciméid atá** liostaithe thíos.

**Pinsean nó liúntas ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí:** Má íoctar do phinsean Stáit isteach sa bhanc, glacfaimid le ráitis bhainc ar ar féidir na híocaíochtaí seachtainiúla a fheiceáil. Mura n-íoctar amhlaidh, tabhair dúinn admháil a thug An Post duit le déanaí nó litir ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ina luaitear méid an phinsin.

**Pinsean neamh-Éireannach:** Má fhaigheann tú íocaíochtaí slándála sóisialta (pinsean) ó thír eile, tabhair dúinn an duillín pá is déanaí **nó** litir ón ngníomhaireacht slándála sóisialta ina luaitear an méid a íoctar. Má íoctar do phinsean slándála sóisialta neamh-Éireannach (m.sh. pinsean ó DSS sa RA) isteach sa bhanc, glacfaimid le ráitis bhainc ar ar féidir na híocaíochtaí bainteacha a fheiceáil.

**Pinsean ceirde:** Tabhair dúinn do dhuillín pá is déanaí, Achoimre ar Shonraí Fostaíochta ó na Coimisinéirí Ioncaim (P60 roimhe seo) nó deimhniú tuillimh.

**Fostaíocht, trádáil nó gairm bheatha (lena n-áirítear obair pháirtaimseartha):** Tabhair dúinn **ceann amháin** de na nithe seo a leanas:

- duillín pá a eisíodh le déanaí nó
- Fógra Measúnachta ó na Coimisinéirí Ioncaim (is é seo an doiciméad ó na Coimisinéirí Ioncaim ar a léirítear an méid cánach a chaithfidh tú a íoc), nó
- Fógra Féinmheasúnaithe ó na Coimisinéirí Ioncaim agus cóip de do thuairisceán cánach is déanaí.

**Ioncam cíosa (sa Stát agus in áiteanna eile):** Beidh cóip den chomhaontú cíosa **agus** den Fhógra Measúnachta is déanaí ó na Coimisinéirí Ioncaim de dhíth orainn. Má tá sócmhainn réadmhaoine agat lasmuigh den Stát a ligeann tú ar cíos, beidh faisnéis maidir léi sin de dhíth orainn chomh maith.

**Ioncam ó stiúrthóireacht:** Beidh ráiteas ón gcuideachta (nó ó na cuideachtaí) de dhíth orainn, ina luafar:

- ainm cláraithe na cuideachta
- uimhir chláraithe na cuideachta
- céatadán na gceart vótála a rialaíonn tú
- cóipeanna de chuntais na gcuideachtaí seo don bhliain chánach roimhe
- Ráiteas deireadh bliana ó na Coimisinéirí Ioncaim má fhaigheann tú tuarastal ón gcuideachta.



**Ioncam ó tháillí, coimisiúin, díbhinní nó ús:** Tabhair dúinn ráiteas nó deimhniú úis nó díbhinní (airgead a íocann cuideachta go rialta, go bliantúil de ghnáth, lena cuid scairshealbhóirí as a brabús nó a cúlchistí arna n-íoc ag an institiúid airgeadais).

**Ioncam ó shocraíocht, cúnant, eastát nó íocaíocht chothabhála:** Beidh cruthúnas de dhíth orainn ar an ioncam a fhaightear ó na míreanna seo, lena n-áirítear an fhoinse agus an méid. Má fhaigheann tú íocaíochtaí chothabhála, beidh cóip den Chomhaontú Cothabhála le hOrdú Cúirte de dhíth orainn freisin, ina luaitear an méid chothabhála a fhaigheann tú gach mí.

**Ioncam ó ríchíosanna agus blianachtaí:** Tabhair dúinn cóip den Fhógra Measúnachta ó na Coimisinéirí Ioncaim.

**Ioncam aistrithe:** Is éard atá i gceist leis seo ná ioncam ar bith a d'aistrigh tú chuig duine eile sna 5 bliana roimh do chead iarratas. Beidh doiciméad dlíthiúil de dhíth orainn (mionnscríbhinn shínithe, cuir i gcás), ina leagtar amach an méid airgid agus an dáta a aistríodh é.

**Ioncam feirme/gnó:** Beidh cóip de do chuntais don bhliain chánach roimhe nó d'Fhógra Measúnachta ó na Coimisinéirí Ioncaim de dhíth orainn. Má ligeann tú sócmhainn réadmhaoine, talamh nó feirm amach ar cíos, beidh doiciméid a léiríonn an t-ioncam sin de dhíth orainn. Beidh doiciméid a léiríonn deontais ón Roinn Talmhaíochta de dhíth orainn chomh maith.

**Ioncam eile:** Má tá ioncam agat ó aon fhoinse eile, tabhair dúinn sonraí agus doiciméid ábhartha a léiríonn an t-ioncam sin.

### Asbhaintí is féidir linn a dhéanamh i ndáil le d'ioncam (Cuid 3B den Fhoirm Iarratais)

Ceadaítear asbhaintí i ndáil le hioncam. Léigh na cineálacha thíos agus féach cé acu díobh a bhaineann leatsa, má bhaineann ceann ar bith.

#### Costais sláinte:

Is féidir linn réimse costais sláinte a asbhaint agus do ranniócaíocht sheachtainiúil á ríomh againn. Ní mór do na costais sin a bheith ag teacht le treoirínte na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le costais sláinte cháilitheacha.

Tá liosta iomlán na gcostas incheadaithe le fáil in *"Tax and Duty Manual – Health Qualifying Expenses"* ó na Coimisinéirí Ioncaim, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

<https://www.revenue.ie/ga/personal-tax-credits-reliefs-and-exemptions/health-and-age/health-expenses/what-are-qualifying-expenses.aspx>

Ionas go mbeimid in ann costais sláinte a asbhaint agus do ranniócaíocht sheachtainiúil á ríomh againn:

- Táillí Oidis: Má d'íoc tú an táille oidis cárta leighis, nó cuid de chostas do chógas tríd an Scéim Íocaíochta Drugaí, tabhair dúinn ráiteas ó do chógaíseoir ar an 12 mhí anuas\*.
- I gcás gach costas sláinte cáilitheach eile, tabhair liosta de na costais seo le 12 mhí anuas\*, lena n-áirítear na sonraí agus na doiciméid seo a leanas:
  1. Sonraí faoin gcostas sláinte
  2. An méid a chaith tú féin agus / nó do chéile / do pháirtí
  3. Fianaise ar íocaíochtaí (admhálacha)
  4. Fianaise ar oideas ó Chleachtóir Cláraithe (nuair is infheidhme).
  5. Faoiseamh cánach ioncaim a d'fhéadfaí a éileamh (is é 20% an ráta caighdeánach amhail Eanáir 2020). Mar shampla, más rud é gur tabhaíodh costais sláinte €100 in 2019, bain an faoiseamh cánach 20% (€20) ón iomlán agus is é €80 an asbhaint incheadaithe don bhliain.
  6. Mura bhfuil tú faoi dhliteanas na cánach ioncaim, cuir é sin in iúl dúinn.

Tabhair sonraí faoi aon aisíocaíocht atá déanta leat nó atá le déanamh leat ag soláthraí árachais sláinte.

\*Breithneoidh FSS na costais sláinte don bhliain chánach roimhe seachas an 12 mhí roimh an iarratas má tá faoiseamh cánach éilithe agat agus más mian leat go ndéanfaí measúnú ort ar an mbonn sin. Más rogha leat go ndéanfaí amhlaidh, iarrtar ort an Ráiteas Deireadh Bliana (ar a dtugtaí an P21 tráth) ó na Coimisinéirí Ioncaim a thabhairt dúinn.

Mura bhfuil tú in ann dul isteach i láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim le faisnéis a fháil ar a bhfuil san áireamh i liosta na gcostas sláinte cáilitheach, déan teagmháil leis an oifig de chuid na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais i do cheantarsa le cúnaimh a fháil.

**Ús ar aisíocaíochtaí morgáiste:** Tabhair dúinn ráiteas reatha morgáiste agus deimhniú úis maidir leis an 12 mhí anuas, ina léirítear an méid atá fágtha ar an morgáiste agus d'aisíocaíochtaí seachtainiúla nó míosúla.

**Íocaíochtaí cíosa:** Má íocann tú cíos, tabhair dúinn:

- cóip cothrom le dáta de do chomhaontú tionóntachta, nó
- admhálacha cíosa, nó
- cóip de do leabhar cíosa.

Má tá aonad údaráis áitiúil ar cíos agat, tabhair dúinn:

- litir ón údarás áitiúil ina léirítear an méid a íocann tú gach seachtain, nó
- cóip den admháil chíosa, má íocann tú trí oifig an phoist é.

Má tá do chíos laghdaithe toisc go bhfuil tú féin nó do chéile nó páirtí ligthe isteach i dteach altranais, ní mór duit é sin a chur in iúl dúinn.

**Íocaíochtaí cothabhála:** tabhair dúinn cóip den chomhaontú cothabhála reatha agus cruthúnas ar na híocaíochtaí (amhail litir ó d'iar-chéile ina ndeimhnítear an méid agus cé chomh minic a fhaigheann sé nó sí iad).

**Cáin mhaoine:** Tabhair cruthúnas íocaíochta / fianaise dúinn ar do dhliteanas ina leith seo.

**Leanaí cleithiúnacha:** Má tá leanbh agat atá faoi bhun 21 bhliain d'aois nó in oideachas lánaimseartha, agus má tá costais agat a bhaineann le cothabháil, cúram leanaí nó oideachas an linbh, tabhair sonraí faoi na costais sin dúinn.

## 2. Do shócmhainní airgid (Cuid 4A den Fhoirm Iarratais)

Áirítear le sócmhainní airgid do choigilteas, stoic agus scaireanna, sócmhainní airgid aistrithe, bannaí, urrúis, airgead in institiúidí airgeadais nó airgead a thug tú ar iasacht do dhuine eile atá inaisíoctha leat.

**Coigilteas agus taisc:** Beidh ráitis le sé mhí anuas le haghaidh gach cuntais de dhíth orainn, ina léireofar ainm na hinstitiúide airgeadais, d'ainm agus uimhir an chuntais.

**Stoic, scaireanna (lena n-áirítear scaireanna in uachtarlann nó comharchumann), bannaí, duaisbhannaí, urrúis agus ionstraimí airgeadais eile:** Tabhair dúinn ráiteas ina léirítear líon na scaireanna agus mar sin de, agus a luach reatha margaidh in euro.

**Sócmhainní airgid aistrithe:** Is éard atá i gceist leis seo ná airgead nó scaireanna a d'aistrigh tú chuig duine eile sna 5 bliana roimh do chead iarratas. Tabhair dúinn ráiteas ina léirítear an méid a aistríodh agus an dáta ar aistríodh é.

**Sócmhainní airgid eile:** Is éard atá i gceist leis seo ná aon sócmhainní eile, ar nós ciste pinsin, má tá Ciste Scoir Formheasta agat. Tabhair dúinn:

- An ráiteas sochar bliantúil deireanach
- cóip de dhoiciméad beartais an Chiste Scoir Fhormheasta (rialacha an bheartais)
- ráiteas reatha ar luach an chiste, ar a luach géillte nó ar a luach ina airgead

### Asbhaintí is féidir linn a dhéanamh i ndáil le do shócmhainní airgid

Tá dhá chineál asbhainte ann i ndáil le sócmhainní airgid – iasachtaí agus íocaíochtaí sásaimh cáilitheacha. Léigh fúthu sin agus faigh amach cé acu díobh a bhaineann leat, má bhaineann ceann ar bith.

**Iasachtaíochtaí:** Beidh ráiteas airgeadais agus comhaontú iasachta cothrom le dáta de dhíth orainn, ina ndeimhneofar an méid atá amuigh ort fós agus an fáth a bhfuair tú an t-airgead ar iasacht ar an gcéad dul síos.

**Íocaíochtaí sásaimh cáilitheacha:** Má fuair tú íocaíocht sásaimh ó cheann de na scéimeanna atá liostaithe thíos, ní chuirfear san áireamh í mar shócmhainn airgid. Ní mór duit ráiteas a thabhairt dúinn ón gcomhlacht iomchuí Stáit ina léirítear go bhfuil ceann de na híocaíochtaí sásaimh cáilitheacha san áireamh i do shócmhainní airgid.

Is iad seo a leanas na scéimeanna íocaíochta sásaimh iomchuí:

- An tAcht um Shásamh do Mhná a Raibh Cónaí Orthu i bhForais Áirithe, 2015
- An tAcht Sláinte (Scéim Aisioca), 2006
- Scéim Sásaimh Ospidéal Lourdes, 2007
- Scéim Íocaíochta Ospidéal Lourdes
- Scéim ex-gratia Simfiseatóime Mhánliach
- íocaíochtaí a rinneadh le duine faoi Conterganstiftung für behinderte Menschen i leith míchumas arb é Thalidomide ba chúis leis.

### 3. Sócmhainní airgid iomchuí (Cuid 4B den Fhoirm Iarratais)

Cuirfear do shócmhainní neamhairgid san áireamh sa mheasúnú airgeadais freisin, amhail do theach agus aon sócmhainní réadmhaoine eile atá agat.

**Príomháit chónaithe:** Is éard atá i gceist leis seo ná do theach. Má tá do theach faoi d'úinéireacht nó do pháirt-úinéireacht nó má tá leas saoil agat i do theach, tabhair dúinn luacháil reatha ó cheantálaí nó luachálaí cláraithe. Mura bhfuil ach ceart cónaithe agat, beidh doiciméad dlíthiúil de dhíth orainn ina sonraítear an méid sin.

Má tá do theach ar cíos agat, tabhair dúinn cóip den chomhaontú cíosa.

**Sócmhainní réadmhaoine eile (amhail tithe, talamh, foirgnimh nó sócmhainní réadmhaoine thar lear):** Beidh luacháil reatha ó cheantálaí nó luachálaí cláraithe de dhíth orainn ar gach sócmhainn réadmhaoine.

**Feirmeacha agus gnólachtaí:** Tabhair dúinn:

- luacháil reatha ar an áitreabh feirme nó gnó
- an cuntas trádála brabúis agus cailteanais, an cuntas caipitil agus an clár comhardaithe don bhliain roimhe.

**Sócmhainní aistrithe:** Má tá teach, feirm, gnólacht nó sócmhainn neamhairgid eile díolta nó aistrithe agat sna 5 bliana roimh do chéad iarratas, tabhair cruthúnas dúinn ar na sonraí seo a leanas:

- dáta a n-aistrithe
- an luach margaidh tráth a n-aistrithe
- an méid a fuair tú ón díol nó ón aistriú
- sonraí faoin té a ndearnadh an t-aistriú chuige

#### Asbhaintí is féidir linn a dhéanamh i ndáil le sócmhainní neamhairgid iomchuí

Tá asbhaint amháin ann a d'fhéadfaí a dhéanamh i ndáil le do shócmhainní neamhairgid iomchuí – iasachtaíochtaí. Léigh an téacs thíos lena fháil amach an bhfuil an rogha sin agat.

**Iasachtaíochtaí:** Má tá airgead faighte ar iasacht agat le réadmhaoin a cheannach, a dheisiú nó a fheabhsú, tabhair dúinn ráiteas ón institiúid airgeadais ina ndeimhnítear cuspóir na hiasachta agus an méid atá fós amuigh.

Má tá iasacht saoil (iasacht scaoilte cothromais) faighte agat le réadmhaoin a cheannach, a dheisiú nó a fheabhsú, ní mór duit ráiteas ón institiúid airgeadais a thabhairt dúinn ina léirítear an dáta a bhfuarthas an iasacht agus an méid bunaidh a fuarthas ar iasacht. Má tá iarratas á dhéanamh agat ar Thacaíocht Choimhdeach Stáit (an iasacht tí altranais) beidh ort na nithe seo a leanas a sheoladh chugainn chomh maith: cóip de Théarmaí agus Coinníollacha na Hiasachta Saoil, toiliú an tsoláthraí iasachta i scríbhinn go bhfuil muirear eile le cruthú i bhfabhar FSS agus ráiteas cothrom le dáta (laistigh de na 6 mhí anuas) ar an méid atá amuigh ar an iasacht Saoil.

#### Tacaíocht Choimhdeach Stáit – (Cuid 6 den Fhoirm Iarratais)

Tugtar an Iasacht Tí Altranais ar an Tacaíocht Choimhdeach Stáit freisin agus is cuid roghnach den scéim í. Is iasacht í a thugtar bunaithe ar luach do shócmhainne réadmhaoine agus ní mór í a aisíoc ar do bhás, **é sin nó** ar dhíol na sócmhainne le duine eile nó ar aistriú na sócmhainne chuig duine eile.

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar an Iasacht Tí Altranais, beidh doiciméid bhreise de dhíth orainn. Tá tuilleadh eolais thíos maidir le cá háit ar féidir leat teacht ar na doiciméid sin. Go bunúsach, áfach, ní mór duit cruthúnas a thabhairt dúinn gur leatsa an tsócmhainn réadmhaoine. Seo a leanas na cineálacha cruthúnais a nglacfar leo:

- uimhir an fhóilíó
- cóip den chlárúchán maoine
- cóip den léas, más réadmhaoin léasach atá i gceist

#### An bhfuil tú ag déanamh ionadaíocht don iarratasóir agus ag síniú an iarratais ar iasacht thar a c(h)eann?

**Má tá tú ag déanamh ionadaíocht don iarratasóir agus ag síniú an iarratais ar iasacht thar a c(h)eann, ní mór duit cóip de do dheimhniú ceapacháin mar Ionadaí Cúraim, mar Aturnae faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae nó mar Choiste Coimircí Cúirte a thabhairt dúinn. Is féidir leat d'iarratas a chur isteach agus tú ag feitheamh ar do cheapachán cúirte ionas gur féidir tosú ar phróiseáil an iarratais, ach ní fhéadfar an t-iarratas a cheadú go dtí go mbeidh cóip den cheapachán cúirte faighte.**

Cabhróidh an t-eolas seo a leanas leat teacht ar na doiciméid a bheidh ag teastáil uainn le d'iarratas ar Iasacht Tí Altranais a phróiseáil.

**Gníomhas agus léasanna:** Seans go mbeidh tú in ann iad seo a fháil go díreach ón iarratasóir nó óna c(h)éile mar go gcoinníonn a lán daoine ina dteach iad, é sin nó iarrann ar a mbanc, a gcumann foirgníochta nó a n-aturnae teaghlaigh iad a choinneáil go sábháilte.

Má théann sé deacair ort na gníomhais nó na léasanna a aimsiú, déan teagmháil le Clárann na nGníomhas ar 01 871 6525 nó seol ríomhphost chuig [rodquery@prai.ie](mailto:rodquery@prai.ie) le cabhair a fháil. Déan cinnte de go bhfaighidh tú na doiciméid go léir a bhaineann leis na gníomhais, dintiúir, léasanna, orduithe aistrithe agus tíolacais ina measc.

Más rud é go bhfuil na gníomhais ar iarraidh, is féidir leat Meabhrachán Gníomhas agus na doiciméid ghaolmhara a fháil ó oifig Chlárann na nGníomhas.

**Muirir (morgáiste, iasacht, breithiúnas nó muirir eile):** Má tá morgáiste, iasacht nó breithiúnas cláraithe ar an tsócmhainn réadmhaoine, tabhair dúinn **ceann amháin díobh seo a leanas:**

- ráiteas cothrom le dáta ón mbanc nó ón gcumann foirgníochta
- litir ón mbanc nó ón gcumann foirgníochta ina ndeimhnítear gur aisíocadh go hiomlán an morgáiste.

**Deimhniú báis:** Is féidir leat cóip de dheimhniú báis a fháil ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- cuairt a thabhairt ar aon oifig Cláraitheora Shibhialta (oifigí breitheanna, básanna agus pósta)
- iarratas a dhéanamh ar líne ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie)
- glao a chur ar Oifig an Chláraitheora Náisiúnta ar 01 863 8200.

**Comhaontuithe idirscartha nó colscartha:** Má tá tú idirscartha go dlíthiúil nó colscartha, beidh cóip den chomhaontú idirscartha de dhíth orainn.

## 4. Srian 3 bliana ar Shócmhainní Feirme agus Gnó (Cuid 7 den fhoirm iarratais)

### Comharba teaghlaigh

Tabhair fianaise ar do chomharba teaghlaigh mar atá leagtha amach i gcuid 6A

Má tá tú ag síniú mar ionadaí, cuir faoi iamh fianaise gur ceapadh mar Ionadaí Cúraim, Aturnae faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae nó Coiste Coimircí Cúirte thú.

### Muirear a chruthú

Tabhair fianaise dhoiciméadach ar an teideal ar an maoin, m.sh. cóip d'fhóilió ó Chlárann na Talún, léas, tíolacas. Más réadmhaoin léasach atá i gceist, caithfear cóip den léas a thabhairt.

Má tá tú ag síniú mar ionadaí, cuir faoi iamh fianaise gur ceapadh mar Ionadaí Cúraim, Aturnae faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae nó Coiste Coimircí Cúirte thú.

### Toiliú na gcomhúinéirí

Tabhair sonraí faoin tsócmhainn

### Dearbhuithe reachtúla

Tabhair dearbhuithe reachtúla sínithe mar atá leagtha amach i gCuid 7.

Tá teimpléid ar fáil ón oifig de chuid na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais i do cheantarsa nó ó [www.hse.ie/nhss](http://www.hse.ie/nhss)

**Le tuilleadh faisnéise a fháil faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais, téigh chuig [www.hse.ie](http://www.hse.ie). Má tá cabhair uait le d'iarratas a chomhlánú, déan teagmháil leis an oifig de chuid na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais i do cheantarsa, é sin nó cuir glao ar HSELive ar 1850 24 1850.**

## Oifigí Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais

**Tá an oifig de chuid na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais i do cheantarsa ann le cabhrú leat an fhoirm a chomhlánú nó ceisteanna faoi d'iarratas a fhreagairt. Nuair a bheidh an fhoirm seo comhlánaithe agat, seol ar ais chuig d'oifig áitiúil í:**

Ceatharlach/Cill Chainnigh	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Seirbhísí Pobail, Faiche Shan Séamas, Cill Chainnigh Teil: 056 77 84761/63/09
An Cabhán/Muineachán	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, FSS, Sráid Halla an Bhaile, an Cabhán. Teil: 049 4377119/115/114/113
Corcaigh/Ciarraí	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Urlár 1, an tÁras Sláinte, Bóthar Wilton, Corcaigh. Teil: 021 4923536/37/38/39/40/41/42
Dún na nGall	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Ceannáras Cúraim Phríomhúil, Pobail agus Leanúnaigh Dhún na nGall, Ospidéal Iósaif, Srath an Urláir, Leifear, Co. Dhún na nGall. Teil: 074 9191734 / 074 9191740 / 074 9191733
Baile Átha Cliath Theas, Cill Mhantáin agus Cill Dara	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, FSS, 2ú hUrlár, Teach na Feá, 101-102 Páirc Ghnó an Náis, an Nás, Co. Chill Dara. Teil: 045 920 000
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Oifig na Cathrach, an Phríomhshráid, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9. Teil: 01 8467148
Gaillimh	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Seirbhísí Pobail, Lá Nua, Sráidbhaile Pobail an Bhaile Bháin, Bóthar Pháirc an Chaisleáin, an Baile Bán, Gaillimh. Teil: 091 748490 R-phost: FairDeal.Galway@hse.ie
Laois/Uíbh Fhailí	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Cé an Bhrúigh, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí. Teil: 05793 27827, 05793 27828, 05793 27830, 05793 79030
Luimneach, an Clár agus Tiobraid Árann Thuaidh	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Ospidéal Iósaif, Sráid Mulgrave, Luimneach. Teil: 061 461499
An Longfort/an Iarmhí	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, an tIonad Sláinte, Bóthar an Longfoirt, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí. Teil: 044 9394995
Lú/an Mhí	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Aonad 3, Páirc Ghnó Bhaile Átha Fhirdhia, Sráid Mhic Héil, Baile Átha Fhirdhia. Teil: 041 6871515/525
Maigh Eo	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Ceannáras Mhuire, Caisleán an Bharraigh. Teil: 094 9049176
Ros Comáin	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Foirgnimh an Rialtais, Bóthar an Chlochair, Ros Comáin. Teil: 090 6637561/46
Sligeach/Liatroim	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Teach Markievicz, Sráid na Beairice, Sligeach. Teil: 071 9155193
Tiobraid Árann Theas	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, an tIonad Cúraim Pobail, an Bóthar Iartharach, Cluain Meala. Teil: 052 6177283
Port Láirge	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Seirbhísí Pobail Phort Láirge, Bóthar Chorcaí, Port Láirge. Teil: 051 842963
Loch Garman	Oifig Scéim Tacaíochta FSS do Thithe Altranais, Seirbhísí Pobail Loch Garman, Bóthar Sheoirse, Loch Garman. Teil: 053 91 14316 / 053 91 14315

Léigh tuilleadh ar [www.hse.ie/nhss](http://www.hse.ie/nhss)

Déan teagmháil le HSElive ar 1800 700 700 (ó 9 r.n. go 5 i.n. ó Luan go hAoine) nó ar +353 1 240 8787 (ó thaobh amuigh d'Éirinn)